Cúlra Taobh Tíre

Is tionscadal taighde píolótach é "*Taobh Tíre – seirbhís leabharlainne níos fearr do cheantracha tuaithe",* atá á reáchtáil ag Comhairle Contae Dhún na nGall i gcomhpháirtíochtaí struchtúrtha le gníomhaireachtaí agus le pobail eile. Rinneadh eiseamláireacha dea-chleachtais úrchruthaithigh a scrúdú trí thaighde deisce agus comhairliúchán a dhéanamh. Cuireadh próifíl de na sprioc-cheantair le chéile. Roghnaíodh múnlaí agus ceantracha i ndiaidh an phróisis seo. Lean Taobh Tíre ar aghaidh ansin chun na múnlaí a chur i bhfeidhm céim ar chéim (féach tuairiscí roimhe seo fá choinne tuilleadh sonraí).

Seoladh Náisiúnta Taobh Tíre

Ba é Pat "the Cope" Ó Gallchóir, Aire Stáit ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, a sheol Taobh Tíre go hoifigiúil ar an 13 Feabhra in Áras Sheáin Bháin, Baile na Finne, (An Ghaeltacht Láir). Dúirt an tAire gur éirigh go maith le Baile na Finne, mar chuid de thogra Taobh Tíre, comhpháirtíochtaí a fhorbairt ina raibh cuid mhór coistí agus daoine áitiúla páirteach iontu. Rinne sé tagairt don tseirbhís leabharlainne reatha agus dúirt sé gur chruthaigh cáilíocht na seirbhíse atá ar fáil ó Chomhairle Contae Dhún na nGall go bhfuil an leabharlann phoiblí tábhachtach agus luachmhar ag an Chomhairle. Thréaslaigh an tAire leo siúd uilig a raibh baint acu le forbairt an tionscnaimh, agus ghabh sé buíochas le gach coiste, gach eagras agus gach duine as a gcomhoibriú agus a ndíograis a bhí riachtanach leis an tionscadal a chur i gcrích.

Ba é Seán Ó Baoill, ball tofa áitiúil de chuid an Údaráis, a sheol an múnla áitiúil agus a nocht an phlaic. I measc na gcainteoirí eile bhí Daithí Alcorn, Cathaoirleach Chomhairle Contae Dhún na nGall, Eithne Ní Lochlainn, Meitheal Forbartha na Gaeltachta, agus Oilibhéar Mac Daibhidh, Cathaoirleach Choiste Éigse Sheáin Bháin.

I ndiaidh na n-óráidí chuir beirt scoláirí óga taispeántas de thallann na háite ar fáil. D'inis Éamonn Ó Ceallaigh scéal *Aoidh Rua Uí Dhomhnaill*, scríofa ag an seanchaí áitiúil Seán Bán Mac Meanman, agus d'aithris Cathal Ó Áilís an dán An Bonnán Buí le Cathal Buí Mac Giolla Ghunna. Ba é Mícheál Ó hÉanaigh, Stiúrthóir Pobail, Fiontair agus Seirbhísí Cultúrtha le Comhairle Contae Dhún na nGall a bhí ina fhear an tí ar an ócáid. Bhí an tÁras maisithe le dathadóireacht de chuid mhuintir óg na háite. Seán Bán a bhí mar théama ag páistí níos sine, agus an tírdhreach áitiúil a bhí mar théama ag na páistí óga, mar shampla, an loch, na sléibhte, agus an bóthar iarainn.

Beidh gné dhigiteach ag baint le tionscadal Taobh Tíre i mBaile na Finne, ag toiseacht le cúrsaí oiliúna agus ag obair i dtreo suíomh idirlín a fhorbairt ar a mbeidh ábhar áitiúil reatha agus stairiúil. Beidh cuid den dathadóireacht a rinne na páistí ar an suíomh idirlín chomh maith.

Taobh Tíre Áitiúil seolta

Sheol Áisionad Mhíobhaí i Ros Goill an múnla s'acu féin ar an 26 Feabhra, i gcomhar le Seirbhís Threorach an Fhoghlaimeora Aosaigh de chuid Choiste Gairmoideachais Dhún na nGall. Táthar ag súil go mbeifear in ann úsáid na n-áiseanna de chuid Taobh Tíre a chomhshnaidhmeadh le Tionscnamh Oideachais na bhFear i Míobhaigh.

Is in Áislann Chill Chartha a rinneadh an múnla d'iardheisceart Dhún na nGall a sheoladh ar an 10 Márta. Tá uaireanta fada oscailte ag an Áislann ó 10.00rn – 9.00in ón Luan go dtí an Aoine, agus ó 2.00in go dtí 9.00in Dé Sathairn.

Seirbhís Leabharlainne Taistil Trasteorann
Seoladh comórtas “Déan do leabharlann taistil féin a dhearadh” in Áras an Chontae, Leifear, ar an 30 Márta. Cuireadh bánphóstaer canbháis thart ar na scoileanna sa sprioc-cheantar ar dhá thaobh na teorann. Cuirfear cuid de na smaointe isteach sa dearadh críochnaithe.

Tionscadal Trasteorann um Fhorbairt Léitheoireachta
Ag éirí as an chaidreamh le Bord Oideachais agus Leabharlainne an Iarthuaiscirt tá sé i gceist tionscadal spreagtha léitheoirí a fhorbairt. Cuireadh iarratas isteach chuig Clár an Aontais Eorpaigh um Síocháin agus Athmhuintearas, agus má éiríonn leis cuirfear tionscadal dhá bhliain ar bun. I measc na bpríomh-eilimintí beidh oiliúint chreidiúnaithe foirne, sa dóigh go mbeidh forbairt leanúnach ar scileanna, rud a bheas tairbheach go fadtéarmach.

Measúnú Taobh Tíre
Iarradh tairiscintí leis an tionscadal a mheasúnú i mí na Nollag agus rinneadh comhairleoir neamhspleách a cheapadh. Bhí cruinniú idir an chomhlacht agus an Fhoireann Bhainistíochta i mí Eanáir agus thug an comhlacht cuairt ar Dhún na nGall i mí Feabhra le bunlíne a leagan síos agus suirbhé réamh-mheasúnaithe a dhéanamh. Déanfar an tionscadal a mheasúnú leathbhealach fríd, agus ag an deireadh.